C/2024/7269

5.12.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/7269)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Montecucco'

PDO-IT-A1433-AM02

Dáta na teachtaireachta: 25 Meán Fómhair 2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. Liosta na gcineálacha fíonchaor breise a bhaint

TUAIRISC

Rinneadh liosta na gcineálacha fíonchaor breise a bhaint den tsonraíocht táirge, agus luaitear ar bhealach níos ginearálta gurb iad na cineálacha fíonchaor breise na cineálacha fíonchaor atá cláraithe go hoifigiúil i gclár náisiúnta na gcineálacha fíniúna agus atá oiriúnach lena saothrú i Réigiún na Tuscáine.

CÚIS

Agus na teorainneacha úsáide íosta le haghaidh na bpríomhchineálacha fíona á n-urramú, is soiléire anois an liosta cineálacha fíonchaor tar éis an liosta sin a bhaint.

Déanann an leasú seo difear d'Airteagal 2 den tsonraíocht táirge.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

2. An meascán de chineálacha fíniúna a choigeartú

TUAIRISC

Baineadh an abairt seo a leanas d'Airteagal 2 den tsonraíocht táirge:

'Ní mór an coigeartú chuig meascán de chineálacha fíniúna na bhfíonghort ATFC "Montecucco" a dhéanamh laistigh de 10 mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm na sonraíochta táirge seo, ar féidir an liosta iomlán ina leith a fháil in Iarscríbhinn 1'.

CÚIS

Measadh go raibh gá leis an abairt sin a bhaint ós rud é go bhfuil an fhoráil atá inti imithe i léig. Tá níos mó ná 10 mbliana caite ó formheasadh ATFC 'Montecucco' le foraithne aireachta an 30 Iúil 1998, agus comhlíonann gach táirgeoir an meascán de chineálacha fíniúna a thuairiscítear in Airteagal 2 den tsonraíocht táirge.

Déanann an leasú seo difear d'Airteagal 2 den tsonraíocht táirge.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

3. Forálacha réigiúnacha a bhaint

TUAIRISC

Rinneadh an mhír maidir le bainistíocht táirgeachta Réigiún na Tuscáine a bhaint d'Airteagal 4 den tsonraíocht táirge.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

CÚIS

Cúinsí eagarthóireachta is cúis leis an mbaint, ós rud é go bhfuil na ceanglais a bhaineann le bainistiú tháirgeadh na bhfíonchaor á rialú cheana féin le Dlí na hIodáile.

Déanann an leasú seo difear d'Airteagal 4 den tsonraíocht táirge.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

4. **Leathnú chuig an limistéar fíonóireachta**

TUAIRISC

Leathnaíodh an limistéar fíonóireachta, triomaithe agus aosaithe chun limistéar atá gar don limistéar táirgeachta a chur san áireamh agus cuimsíonn sé anois críoch iomlán chúige Grosseto i Réigiún na Tuscáine. Tá sé coibhéiseach anois leis an limistéar buidéalaithe a cuireadh ar bun nuair a aithníodh ATFC 'Montecucco' den chéad uair le foraithne aireachta an 30 Iúil 1998. Aithníodh 'Montecucco' le foraithne aireachta an 30 Iúil 1998.

Tá feidhm ag eisceachtaí freisin i Réigiún na Tuscáine, i.e. san aonad riaracháin réigiúnach ina dtáirgtear ATFC 'Montecucco'.

CÚIS

Tá gá leis an leasú chun deis fíonóireachta, triomaithe, aosaithe agus buidéalaithe a thabhairt do gach cuideachta nach bhfuil siléar acu laistigh den limistéar táirgeachta, ach a bhfuil fíonghoirt ar úinéireacht acu, nó a bhainistíonn fíonghoirt, laistigh den limistéar táirgeachta.

Déanann an leasú seo difear d'Airteagal 5 den tsonraíocht táirge.

Baineann an leasú seo le Roinn 9 (Coinníollacha fíor-riachtanacha breise) den doiciméad aonair.

5. **'Montecucco' - Lipéadú**

TUAIRISC

Cuireadh ceanglas isteach lenar leagadh síos nach mór an téarma geografach forleathan 'Toscana' [an Tuscáin] a bheith le feiceáil ar an lipéad de bhreis ar an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Montecucco'.

CÚIS

Fágann an leasú gur féidir faisnéis bheacht a sholáthar maidir le tionscnamh geografach fíonta ag a bhfuil ATFC 'Montecucco'.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair, go sonrach do Roinn 9 (Coinníollacha fíor-riachtanacha breise), agus déanann sé difear d'Airteagal 7 den tsonraíocht táirge.

6. **Tagairt cothrom le dáta do reachtaíocht an Aontais**

TUAIRISC

Baineadh an tagairt do Rialachán (CE) Uimh. 607/2009, agus cuireadh isteach an frása níos ginearálta agus níos ábhartha 'I gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais'.

CÚIS

Baineadh an tagairt do Rialachán (CE) Uimh. 607/2009 toisc gur aisghaireadh an rialachán.

Déanann an leasú sin difear d'Airteagal 5 den tsonraíocht táirge.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

7. **Leasuithe ar shaintréithe ceimiceacha na gcineálacha fíona**

TUAIRISC

Rinneadh an fhoráil lenar ceadaíodh don Aireacht leasú a dhéanamh ar na teorainneacha íosta le haghaidh aigéadacht iomlán agus ar eastóscán íosta saor ó shiúcra a bhaint d'Airteagal 6 den tsonraíocht táirge.

CÚIS

Baineadh an fhoráil toisc nach bhfuil sí ábhartha a thuilleadh do reachtaíocht an Aontais agus don reachtaíocht náisiúnta is infheidhme.

Déanann an leasú seo difear d'Airteagal 6 den tsonraíocht táirge.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

8. **Comhlacht cigireachta – athrú seolta**

TUAIRISC

Tugadh seoladh an chomhlachta cigireachta cothrom le dáta.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Montecucco

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. **'Montecucco' Rosso [dearg], lena n-áirítear Rosso Riserva [fíon coimeádta dearg] agus Rosato [rosé]**

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: bíonn dath dian an rúibín ar an Riserva, agus dath an ghairnéid ag teacht air. Tá dath an Rosato sa raon ó bhándearg éadrom go bándearg silíní. Dea-bholadh: tá an Riserva fíonmhar agus leathan, agus é níos galánta agus níos sainiúla. Tá an Rosato úr agus torthaíoch. Blas: tá an Riserva comhchuí, tirim, tainneach ar bhealach pléisiúrtha, agus é níos tathagaí, bogthe agus galánta agus d'fhéadfadh imreacha adhmaid a bheith ann. Bíonn an Rosato blasta, tirim agus comhchuí. Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,00 %; i gcás an Riserva, 12,50 %; i gcás an Rosato, 11,50 %. Aigéadacht iomlán íosta: i gcás an Rosso agus an Riserva, 4,50 g/l; i gcás an Rosato, 5 g/l. Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 24,0 g/l; i gcás an Riserva, 25,0 g/l; i gcás an Rosato, 18,50 g/l.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. **‘Montecucco’ Bianco [geal], lena n-áirítear fíonta ar a bhfuil tásc den chineál fíonchaor ‘Vermentino’**

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: buí ar dhath na tuí. Dea-bholadh: fíneálta, úr, torthaíoch a bheag nó a mhór; sainiúil freisin i gcás an Vermentino. Blas: tirim, úr, sainiúil; bog agus tathagach i gcás an Vermentino. Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,50 %. Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17,0 g/l.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,00 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18,00

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

3. ‘Montecucco’ Vin Santo agus Vin Santo Occhio di Pernice

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: ó dhath buí órga go hómra dian. Tá dath Occhio di Pernice sa raon ó ómra go dath dian an tópáis, bíonn imeall leathan scothdhearg ann a iompaíonn go dath donn le haois. Dea-bholadh: dian, lena ngabhann saintréithe torthaí aibí, agus bíonn dea-bholadh níos casta de thorthaí aibí air agus imreacha eile ann i gcás Occhio di Pernice. Blas: tá an Occhio di Pernice dian agus veilbhitiúil, bíonn sé marthanach agus bíonn iarbhlas milis air. Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 17,00 %, agus bíonn neart alcóil iarbhír 12,00 % ar a laghad ann san Occhio di Pernice. Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 20,00 %, le neart iarbhír alcóil 15,00 % ar a laghad. Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 25,0 g/l; i gcás an Occhio di Pernice: 27 g/l.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 12.

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,50 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 28,00.

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Modh fíonóireachta Vin Santo agus Vin Santo Occhio di Pernice

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tar éis dul faoi phróiseas roghnúcháin cúramach, ní mór na fíonchaora a thriomú go nádúrtha in áitreabh oiriúnach. Ní mór an tréimhse thriomaithe a fhadú go dtí go sroicheann na fíonchaora méid leordhóthanach siúcra amach, roimh bhrú a dhéanamh. Ní mór an fíon a chaomhnú agus a aosú i mbairillí adhmaid a bhfuil toilleadh leordhóthanach iontu.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. ‘Montecucco’ Rosso, Rosso Riserva agus Rosato

63 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. ‘Montecucco’ Rosso, Rosso Riserva agus Rosato

9 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

3. ‘Montecucco’ Bianco agus Vermentino

77 heictilítear in aghaidh an heicteáir

4. ‘Montecucco’ Bianco agus Vermentino

11 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

5. ‘Montecucco’ Vin Santo Occhio di Pernice

31,50 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. ‘Montecucco’ Vin Santo Occhio di Pernice

9 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

7. ‘Montecucco’ Vin Santo

38,50 heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. ‘Montecucco’ Vin Santo

11 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Tá an limistéar táirgeachta suite laistigh de Réigiún na Tuscáine agus cumhdaíonn sé bardais uile Cinigiano, Civitella Paganico, Campagnatico, Castel del Piano, Roccalbegna, Arcidosso agus Seggiano, nó cuid de na bardais sin, i gcúige Grosseto.

7. **Príomhchineál nó príomhchineálacha fíonchaor**

Ciliegiolo N

Grechetto B

Malvasia Bianca Lunga B – Malvasia

Sangiovese N

Trebbiano Toscano B – Trebbiano

Vermentino B

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

‘Montecucco’

Cuimsíonn an limistéar cnoic agus bunchnoic, tá an aeráid cineálta ach bíonn sí fliuch agus sách gaofar, agus raon maith teochta laethúil ann. Tá na hithreacha dúrabhánach agus iad lán de chlocha – ar clocha iad a thagann as díscaoileadh gaineamhchloiche – agus tá torthúlacht ard cheimiceach agus bhitheolaíoch acu. Is limistéar é a bhfuil traidisiún láidir fíonsaothraithe aige a théann siar go dtí an ré Éatrúscach. Tá sé oiriúnach le haghaidh saothrú fíniúna, agus úsáid á baint as modhanna Guyot agus tródamsportha le haghaidh dlúis arda plandaithe. Tá na cineálacha a fhástar traidisiúnta den chuid is mó, amhail Sangiovese, Trebbiano Toscano, Ciliegiolo, Vermentino, Malvasia Bianca agus Grechetto, ar cineálacha iad a tháirgeann fíonta an-sainiúil atá úr, aramatach agus dea-struchtúrtha.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Limistéar fíonóireachta agus buidéalaithe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll breise:

Buidéalú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór buidéalú, mar aon leis na hoibríochtaí fíonóireachta, triomaithe agus aosaithe, a dhéanamh i gcúige Grosetto.

Ceadaítear oibríochtaí den sórt sin, áfach, fiú ar leithligh, i siléir atá suite lasmuigh den limistéar dá dtagraítear sa roinn sin roimhe seo, ar choinníoll go bhfuil siad suite laistigh de Réigiún riaracháin na Tuscáine. Maidir leis na siléir sin, ní mór gur le gabháltais iad - go leithleach nó i gcomhar - a úsáideann iad chun fíon a dhéanamh as fíonchaora atá oiriúnach le haghaidh tháirgeadh ATFC 'Montecucco' agus a bhuaintear ó fhíonghoirt atá á mbainistiú ag na gabháltais sin.

I gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, ní mór buidéalú nó pacáistiú a dhéanamh sa limistéar geografach críochaithe réamhluaite chun cáilíocht agus cáil an táirge a chosaint agus chun a thionscnamh a ráthú.

Limistéar fíonóireachta

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll breise:

Maolú ar tháirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór na hoibríochtaí fíonóireachta, triomaithe agus aosaithe, mar aon le buidéalú, a dhéanamh i gcúige Grosetto.

Ceadaítear oibríochtaí den sórt sin, áfach, fiú ar leithligh, i siléir atá suite lasmuigh den limistéar dá dtagraítear sa roinn sin roimhe seo, ar choinníoll go bhfuil siad suite laistigh de Réigiún riaracháin na Tuscáine. Maidir leis na siléir sin, ní mór gur le gabháltais iad - go leithleach nó i gcomhar - a úsáideann iad chun fíon a dhéanamh as fíonchaora atá oiriúnach le haghaidh tháirgeadh ATFC 'Montecucco' agus a bhuaintear ó fhíonghoirt atá á mbainistiú ag na gabháltais sin.

I gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, ní mór buidéalú nó pacáistiú a dhéanamh sa limistéar geografach críochaithe réamhluaite chun cáilíocht agus cáil an táirge a chosaint agus chun a thionscnamh a ráthú.

Ainm an aonaid gheografaigh is leithne

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Maidir leis na fíonta ag a bhfuil ainmniúchán ATFC 'Montecucco', tá sé éigeantach an t-ainm geografach is leithne 'Toscana' a chur in iúl.

Ní mór é sin a bheith le feiceáil i gcarachtair nach mó ná ⅔ de mhéid na gcarachtar a úsáidtear chun an t-ainmniúchán 'Montecucco' a chur in iúl.

Ní mór an t-ainm geografach 'Toscana' a bheith le feiceáil i gcónaí faoin téarma sonrach traidisiúnta 'Denominazione di Origine Controllata' (arna scríobh ina iomláine nó mar ghiorrúchán DOC nó D.O.C.) nó faoi fhoclaíocht an Aontais 'Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint', san ord seo a leanas:

Montecucco

Denominazione di Origine Controllata (nó na litreacha DOC nó D.O.C.)

nó Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

An Tuscáin

Maidir leis an ainm 'Toscana', ní mór an cló céanna agus an stíl chéanna, an spásáil chéanna, an tsuntasacht chéanna, an dath céanna agus an déine dhathmhéadrach chéanna a bheith ann leis an ainm 'Montecucco'.

Ní mór an fhaisnéis uile a liostaítear a bheith le feiceáil ar chúlra aonfhoirmeach.

D'ainneoin an cheanglais á rá go mbeidh an t-ainm geografach is leithne 'Toscana' le feiceáil ar lipéid, féadfar lipéid nach n-áirítear an t-ainm 'Toscana' iontu a úsáid fós, ar choinníoll nach n-úsáidtear iad ach le haghaidh fíonta a tháirgtear ó bhuaint 2023 nó níos luaithe.

Cineálacha comhlántacha sa mheascán de chineálacha fíonchaor

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Maidir le fíon 'Montecucco' Rosso agus Rosso Riserva, féadfar, de bhreis ar an bpríomhchineál fíonchaor (Sangiovese, a bhfuil 60 % de ar a laghad ann sa mheascán cineálacha fíonchaor), cineálacha eile fíonchaor dearg atá oiriúnach lena saothrú i réigiún na Tuscáine, seachas na cineálacha Malvasia Nera, Malvasia Nera di Brindisi, agus Aleatico, a úsáid sa táirgeadh suas go 40 % ar a mhéad.

Maidir le fíon 'Montecucco' Rosato, de bhreis ar na príomhchineálacha fíonchaor (Sangiovese agus Ciliegiolo), féadfar cineálacha eile fíonchaor dearg, ina n-aonar nó le chéile, atá oiriúnach lena saothrú i Réigiún na Tuscáine, seachas na cineálacha Malvasia Nera, Malvasia Nera di Brindisi, agus Aleatico, a úsáid sa táirgeadh suas go 40 % ar a mhéad.

Maidir le fíon 'Montecucco' Bianco, de bhreis ar na príomhchineálacha fíonchaor (Trebbiano Toscano agus Vermentino Bianco), féadfar cineálacha fíonchaor geal eile, ina n-aonar nó le chéile, atá oiriúnach lena saothrú i Réigiún na Tuscáine, a úsáid sa táirgeadh.

Maidir le fíon 'Montecucco' Vermentino, de bhreis ar an bpríomhchineál fíonchaor, féadfar cineálacha eile fíonchaor geal, ina n-aonar nó le chéile, atá oiriúnach lena saothrú i Réigiún na Tuscáine, a úsáid sa táirgeadh suas go 15 % ar a mhéad.

Maidir le fíon 'Montecucco' Vin Santo, de bhreis ar na príomhchineálacha fíonchaor (Malvasia Bianca Lunga, Grechetto Bianco agus Trebbiano Toscano), féadfar cineálacha eile fíonchaor geal, ina n-aonar nó le chéile, atá oiriúnach lena saothrú i Réigiún na Tuscáine, a úsáid sa táirgeadh suas go 30 % ar a mhéad.

Maidir le fíon 'Montecucco' Vin Santo Occhio di Pernice, de bhreis ar an bpríomhchineál fíonchaor (Sangiovese), féadfar cineálacha eile fíonchaor dearg, ina n-aonar nó le chéile, atá oiriúnach lena saothrú i Réigiún na Tuscáine, a úsáid sa táirgeadh suas go 30 % ar a mhéad.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/22069